C/2026/2985

1.6.2026

**Réamhfhógra faoi chomhchruinniú**

**(Cás M.12354 — STONEPEAK / CASTROL)**

**Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(C/2026/2985)

1. An 21 Bealtaine 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Stonepeak Partners LP (in éineacht lena chleamhnaithe uile, 'Stonepeak', na Stáit Aontaithe);

— Castrol Group Holdings Ltd (in éineacht lena chleamhnaithe agus cuideachtaí rialaithe, 'Castrol', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú BP p.l.c. ('bp', an Ríocht Aontaithe) faoi láthair.

Gheobhaidh Stonepeak rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Castrol.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is ghnólacht infheistíochta malartach domhanda é Stonepeak, a dhéanann sainfheidhmiú ar bhonneagar agus ar shócmhainní réadacha, a bhfuil a cheanncheathrú aige i Nua-Eabhrac, na Stáit Aontaithe;

— Déanann Castrol, a bhfuil a cheanncheathrú aige sa Ríocht Aontaithe, bealaí, gréisc, fuartháin agus sreabháin ghaolmhara a fhorbairt, a tháirgeadh agus a dhíol.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12354 – STONEPEAK / CASTROL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.